RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1900 ÓN gCOIMISIÚN

an 27 Deireadh Fómhair 2021

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 maidir le méadú sealadach ar rialuithe oifigiúla agus ar bhearta éigeandála lena rialaítear earraí áirithe ó thríú tíortha áirithe teacht isteach san Aontas lena gcuirtear chun feidhme Rialacháin (AE) 2017/625 agus (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos na prionsabail ghinearálta agus na ceanglais ghinearálta maidir le dlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta in ábhair a bhaineann le sábháilteacht bia ([1]), agus go háirithe Airteagal 53(1)(b) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (an Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) ([2]), agus go háirithe Airteagal 47(2)(b), Airteagal 54(4)(a) agus (b) agus Airteagal 90(a), (b) agus (c) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 ón gCoimisiún ([3]), leagtar síos rialacha maidir le méadú sealadach ar rialuithe oifigiúla ar bhia agus beatha áirithe nach de bhunadh ainmhíoch iad teacht isteach san Aontas ó thríú tíortha áirithe a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin, agus maidir le coinníollacha speisialta lena rialaítear teacht isteach bia agus beatha áirithe san Aontas ó thríú tíortha áirithe de dheasca an riosca éillithe ó mhíceatocsainí, lena n-áirítear aflatocsainí, iarmhair lotnaidicídí, peinteaclóraifeanól agus dé-ocsainí, agus éilliú miocróbach, a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin, agus maidir le teacht isteach san Aontas bia agus beatha áirithe nach de bhunadh ainmhíoch iad ó thríú tíortha áirithe a chur ar fionraí a liostaítear in Iarscríbhinn IIa a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

(2) Ós rud é nach n-úsáidtear an téarma "comhbhia" in Airteagal 1(1)(b)(ii), in Airteagal 8, in Iarscríbhinn II, Tábla 2, agus in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 sa chiall chéanna agus atá leis i reachtaíocht eile de chuid an Aontais, is iomchuí "bia ina bhfuil dhá chomhábhar nó níos mó" a chur in ionad an téarma sin.

(3) Chun a áirithiú go dtuigfear agus go gcuirfear i bhfeidhm go haonfhoirmeach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793, is iomchuí an sainmhíniú ar "thír thionscnaimh" a chur le hAirteagal 2 den Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

(4) Foráiltear in Airteagal 12 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 go ndéanfar athbhreithniú nach faide ná 6 mhí ar bhonn rialta ar na liostaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II a ghabhann leis, chun faisnéis nua a bhaineann le rioscaí agus le neamhchomhlíonadh reachtaíocht an Aontais a chur san áireamh.

([1]) IO L 31, 1.2.2002, lch. 1.

([2]) IO L 95, 7.4.2017, lch. 1.

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 ón gCoimisiún an 22 Deireadh Fómhair 2019 maidir le méadú sealadach ar rialuithe oifigiúla agus ar bhearta éigeandála lena rialaítear earraí áirithe teacht isteach san Aontas ó thríú tíortha áirithe lena gcuirtear chun feidhme Rialacháin (AE) 2017/625 agus (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 669/2009, (AE) Uimh. 884/2014, (AE) 2015/175, (AE) 2017/186 agus (AE) 2018/1660 (IO L 277, 29.10.2019, lch. 89).

(5) In Iarscríbhinn IIa a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793, liostaítear bia agus beatha ó thríú tíortha áirithe atá faoi réir cur ar fionraí teacht isteach san Aontas, dá dtagraítear in Airteagal 11a den Rialachán sin.

(6) Ós rud é nach bhforáiltear go sainráite le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 maidir le tréimhse infheidhmeachta na mbeart éigeandála i ndáil leis na táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn IIa agus ós rud é go bhfuil na bearta sin le tarraingt siar nó le modhnú i gcás ina mbeidh faisnéis nua ar fáil a bhaineann le rioscaí agus le neamhchomhlíonadh reachtaíocht an Aontais, ba cheart athbhreithniú tráthrialta a dhéanamh freisin ar an liosta a leagtar amach in Iarscríbhinn IIa a ghabhann leis an Rialachán sin. Is iomchuí, dá bhrí sin, Airteagal 12 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 a leasú.

(7) Le tarlú teagmhas bia le déanaí a fógraíodh tríd an gCóras Mear-rabhaidh um Bia don Duine agus d'Ainmhithe ("RASFF"), arna bhunú le Rialachán (CE) Uimh. 178/2002, agus le hábharthacht na dteagmhas sin, agus le faisnéis faoi na rialuithe oifigiúla arna ndéanamh ag na Ballstáit ar bhia agus ar bheatha nach de bhunadh ainmhíoch iad sa dara seimeastar de 2020, léirítear gur cheart na liostaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 a leasú chun sláinte an duine a chosaint san Aontas.

(8) Go háirithe, i gcás coinsíneachtaí líomóidí ón Tuirc, léiríonn na sonraí a thagann as fógraí in RASFF agus as faisnéis maidir le rialuithe oifigiúla arna ndéanamh ag na Ballstáit go bhfuil rioscaí nua do shláinte an duine ag teacht chun cinn de bharr éilliú a d'fhéadfadh a bheith ann ó iarmhair lotnaidicídí, ar gá leibhéal níos airde rialuithe oifigiúla dá dheasca. Ina theannta sin, i gcás coinsíneachtaí piseanna talún ón mBrasaíl, léiríonn faisnéis maidir le rialuithe oifigiúla arna ndéanamh ag na Ballstáit go bhfuil rioscaí nua do shláinte an duine ag teacht chun cinn, de bharr éilliú a d'fhéadfadh a bheith ann ó iarmhair lotnaidicíde, ar gá leibhéal níos airde rialuithe oifigiúla dá dheasca. Dá bhrí sin, ba cheart iontrálacha maidir leis an dá thráchtearra sin a áireamh in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793, le minicíocht seiceálacha céannachta agus fisiceacha socraithe ag 20 %.

(9) De dheasca mhinicíocht neamhchomhlíonadh na gceanglas ábhartha dá bhforáiltear i reachtaíocht an Aontais a mhéid a bhaineann le héilliú ó iarmhair lotnaidicíde arna bhrath le linn rialuithe oifigiúla arna ndéanamh ag na Ballstáit i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793, agus mar gheall ar an líon ard fógraí in RASFF, is iomchuí minicíocht na seiceálacha céannachta agus fisiceacha a bheidh le déanamh ar oráistí, mandairín, cleimintíní, builcíní agus hibridí citris comhchosúla, agus ar phiobair mhilse agus ar phiobair den ghéineas *Capsicum* (seachas speicis mhilse) ón Tuirc, a mhéadú go 20 %.

(10) De dheasca ardmhinicíocht neamhchomhlíonadh na gceanglas ábhartha dá bhforáiltear i reachtaíocht an Aontais i ndáil le héilliú ó iarmhair lotnaidicídí arna bhrath le linn rialuithe oifigiúla arna ndéanamh ag na Ballstáit i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793, is iomchuí minicíocht na seiceálacha céannachta agus fisiceacha a bheidh le déanamh ar sheacaí ón Malaeisia agus ar phiobair den ghéineas *Capsicum* (seachas speicis mhilse) ó Uganda a mhéadú go 50 %.

(11) De bharr fógraí in RASFF a bhaineann le héilliú ó iarmhair ocsaíde eitiléine, a mhéid a bhaineann le coinsíneachtaí áirithe ocra ón India, ba cheart ocsaíd eitiléine a chur leis an anailís atá le déanamh ar an tráchtearra sin agus ba cheart minicíocht na seiceálacha fisiceacha agus céannachta i ndáil le hiarmhair lotnaidicíde a bheith ann, lena n-áirítear ocsaíd eitiléine, seiceálacha a bheidh le déanamh ar ocra ón India ag teorainneacha an Aontais, a mhéadú go 20 %.

(12) De dheasca mhinicíocht neamhchomhlíonadh na gceanglas ábhartha dá bhforáiltear i reachtaíocht an Aontais a mhéid a bhaineann le héilliú ó aflatocsainí arna bhrath le linn rialuithe oifigiúla arna ndéanamh ag na Ballstáit i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 agus de dheasca an líon ard fógraí in RASFF, is iomchuí minicíocht na seiceálacha céannachta agus fisiceacha a bheidh le déanamh ar phiseanna talún ó Stáit Aontaithe Mheiriceá a mhéadú go 20 %.

(13) De dheasca ardmhinicíocht neamhchomhlíonadh na gceanglas ábhartha dá bhforáiltear i reachtaíocht an Aontais a mhéid a bhaineann le héilliú ó *Salmonella* arna bhrath le linn rialuithe oifigiúla arna ndéanamh ag na Ballstáit i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793, is iomchuí minicíocht na seiceálacha céannachta agus fisiceacha a bheidh le déanamh ar shíolta *Sesamum* ón tSúdáin a mhéadú go 50 %.

(14) De dheasca ardmhinicíocht neamhchomhlíonadh na gceanglas ábhartha dá bhforáiltear i reachtaíocht an Aontais a mhéid a bhaineann le héilliú ó iarmhair lotnaidicídí arna bhrath le linn rialuithe oifigiúla arna ndéanamh ag na Ballstáit i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793, is iomchuí minicíocht na seiceálacha céannachta agus fisiceacha a bheidh le déanamh ar dhuilleoga fíniúna ón Tuirc a mhéadú go 50 %.

(15) I gcás cnónna coill agus táirgí arna dtáirgeadh ó chnónna coill ón tSeoirsia, tugtar le fios san fhaisnéis atá ar fáil go bhfuil treocht fhabhrach ann maidir leis an leibhéal comhlíontachta leis na ceanglas ábhartha dá bhforáiltear i reachtaíocht an Aontais a mhéid a bhaineann le héilliú ó aflatocsainí. Is iomchuí minicíocht na seiceálacha céannachta agus fisiceacha a bheidh le déanamh ar chnónna coill agus ar tháirgí a tháirgtear ó chnónna coill ón tSeoirsia a laghdú go 20 %. Tá cnónna coill agus táirgí arna dtáirgeadh ó chnónna coill ón Tuirc agus ón Asarbaiseáin liostaithe in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 de dheasca an riosca éillithe ó aflatocsainí. Chun comhsheasmhacht a áirithiú maidir le rioscaí a mhaolú, is iomchuí an iontráil atá ann cheana ar chnónna coill agus ar tháirgí a tháirgtear as cnónna coill ón tSeoirsia a leasú chun na táirgí céanna de thionscnamh na Tuirce agus na hAsarbaiseáine a chumhdach.

(16) Ó mhí Eanáir 2019 i leith, tá síolta *Sesamum* ón Aetóip faoi réir leibhéal méadaithe rialuithe oifigiúla de dheasca an riosca éillithe ó *Salmonella*. Léiríonn na rialuithe oifigiúla a rinne na Ballstáit ar na hearraí bia sin ráta ard leanúnach neamhchomhlíontachta ó bunaíodh an leibhéal níos airde rialuithe oifigiúla. Tá fianaise sna torthaí sin go bhfuil riosca tromchúiseach do shláinte an duine ag baint le teacht isteach na n-earraí bia sin san Aontas.

(17) Dá bhrí sin, tá gá le foráil a dhéanamh maidir le coinníollacha speisialta i ndáil le síolta *Sesamum* ón Aetóip, sa bhreis ar an leibhéal níos airde rialuithe oifigiúla. Thar aon ní eile, ba cheart deimhniú oifigiúil a bheith ag gabháil le gach coinsíneacht síolta *Sesamum* ón Aetóip lena sonraítear go léiríonn gach toradh samplála agus anailíse nach bhfuil *Salmonella* in 25 g dá bhforáiltear in Airteagal 10(2)(d) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793. Ba cheart torthaí na samplála agus na hanailíse a chur i gceangal leis an deimhniú sin. Dá bhrí sin, ba cheart an iontráil ar shíolta *Sesamum* ón Aetóip in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 a scriosadh agus ba cheart iontráil faoi na síolta sin a chur isteach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

(18) Ó mhí Iúil 2017 tá piobair den ghéineas *Capsicum* (speicis mhilse nó seachas a bheith milis) ó Shrí Lanca faoi réir leibhéal níos airde rialuithe oifigiúla maidir le haflatocsainí a bheith ann. Léiríonn na rialuithe oifigiúla a rinne na Ballstáit ar na hearraí bia sin ráta ard leanúnach neamhchomhlíontachta ó bunaíodh an leibhéal níos airde rialuithe oifigiúla. Tá fianaise sna torthaí sin go bhfuil riosca tromchúiseach do shláinte an duine ag baint le teacht isteach na n-earraí bia sin san Aontas.

(19) Dá bhrí sin, tá gá le foráil a dhéanamh maidir le coinníollacha speisialta i ndáil le piobair den ghéineas *Capsicum* (piobair mhilse nó seachas a bheith milis) ó Shrí Lanca, sa bhreis ar an leibhéal níos airde rialuithe oifigiúla. Thar aon ní eile, ba cheart deimhniú oifigiúil a bheith ag gabháil le coinsíneachtaí uile an tráchtearra sin ó Shrí Lanca lena sonraítear go ndearnadh na táirgí a shampláil agus a anailísiú i gcomhair aflatocsainí agus go léiríonn na torthaí uile nár sáraíodh na leibhéil uasta ábhartha aflatocsainí. Ba cheart torthaí na samplála agus na hanailíse a chur i gceangal leis an deimhniú sin. Dá bhrí sin, ba cheart an iontráil ar piobair den ghéineas *Capsicum* (speicis mhilse nó seachas a bheith milis) ó Shrí Lanca in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 a scriosadh agus ba cheart iontráil ar na piobair sin a chur isteach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

(20) Maidir le piostáisí ó na Stáit Aontaithe, a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 de dheasca an riosca éillithe ó aflatocsainí, tugtar le fios san fhaisnéis atá ar fáil go bhfuil leibhéal sásúil comhlíontachta ar an iomlán leis na ceanglais ábhartha dá bhforáiltear i reachtaíocht an Aontais. Dá bhrí sin, níl údar a thuilleadh le leibhéal níos airde rialuithe oifigiúla i gcás na dtráchtearraí sin agus ba cheart an iontráil in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 maidir leis na tráchtearraí sin a scriosadh.

(21) Chun cosaint éifeachtúil ar rioscaí sláinte a áirithiú, ar rioscaí iad a d'fhéadfadh teacht as éilliú piseanna talún ó aflatocsainí, sna colúin a thagraíonn do "Bia agus Beatha (úsáid bheartaithe)" agus "Cód AC" in Iarscríbhinn II, Tábla 1, a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793, ba cheart na téarmaí "lena n-áirítear meascáin" agus cóid AC le haghaidh meascáin a chur sna rónna a thagraíonn do phiseanna talún, ullmhaithe nó leasaithe ar bhealach eile.

(22) Is iomchuí idirthréimhse a sholáthar le haghaidh coinsíneachtaí síolta *Sesamum* ón Aetóip agus do choinsíneachtaí piobair den ghéineas *Capsicum* (piobair mhilse nó seachas a bheith milis) ó Shrí Lanca, nach bhfuil deimhniú oifigiúil ag gabháil leo, ach a bhí faoi réir rialuithe oifigiúla cheana ag an bpost rialaithe teorann i gcomhréir le rátaí minicíochta comhchuibhithe le haghaidh seiceálacha céannachta agus fisiceacha i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 sular leasaíodh é leis an Rialachán seo.

(23) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793, leagtar síos ceanglais a mhéid a bhaineann leis an deimhniú oifigiúil samplach i dtaca le coinsíneachtaí bia agus beatha teacht isteach san Aontas a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

(24) Is iomchuí an múnla den deimhniú oifigiúil agus na nótaí ar chomhlánú an deimhnithe sin a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 a leasú chun na deimhnithe oifigiúla maidir le teacht isteach san Aontas a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 ón gCoimisiún ([4]) le haghaidh catagóirí éagsúla earraí a ailíniú agus chun comhsheasmhacht leis na ceanglais nua deimhniúcháin sna deimhnithe oifigiúla a áirithiú.

(25) Chun comhsheasmhacht agus soiléireacht a áirithiú, is iomchuí Iarscríbhinní I, II, IIa agus IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 a ionadú ina n-iomláine.

(26) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 a leasú dá réir.

(27) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 mar a leanas:

1. in Airteagal 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (1)(b)(ii):

   "(ii) coinsíneachtaí bia ina bhfuil dhá chomhábhar nó níos mó, ina bhfuil aon bhia a liostaítear in Iarscríbhinn II, Tábla 1, de dheasca an riosca éillithe ó aflatocsainí i gcainníocht is mó ná 20 % de tháirge aonair nó mar shuim na dtáirgí sin agus a thagann faoi chóid AC a leagtar síos i dTábla 2 den Iarscríbhinn sin;";

2. in Airteagal 2(1) cuirtear an pointe (c) seo a leanas leis:

   "(c) ciallaíonn 'tír thionscnaimh':

   (i) tír thionscnaimh na dtáirgí, inar fásadh, inar buaineadh nó inar táirgeadh iad, i gcás ina bhfuil bia agus beatha liostaithe sna hIarscríbhinní de dheasca riosca éillithe a d'fhéadfadh a bheith ann ó mhíceatocsainí, lena n-áirítear aflatocsainí, nó ó thocsainí planda, nó de dheasca neamhchomhlíonadh féideartha maidir leis na huasleibhéil iarmhair lotnaidicídí a cheadaítear;

   (ii) an tír inar táirgeadh na táirgí, inar monaraíodh iad nó inar clúdaíodh iad i gcás ina bhfuil bia agus beatha liostaithe sna hIarscríbhinní de dheasca an riosca go bhfuil *Salmonella* ann nó de dheasca guaiseacha eile seachas iad siúd a shonraítear i bpointe (i).";

3. in Airteagal 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3 agus mhír 4:

   "3. Bia ina bhfuil dhá chomhábhar nó níos mó a liostaítear in Iarscríbhinn II, Tábla 2, ina bhfuil táirgí nach dtagann ach faoi aon iontráil amháin in Iarscríbhinn II, Tábla 1, beidh siad faoi réir mhinicíocht fhoriomlán na seiceálacha céannachta agus fisiceacha a leagtar amach in Iarscríbhinn II, Tábla 1, le haghaidh na n-iontrálacha sin.

([4]) IO L 442, 30.12.2020, lch. 1.

4. Bia ina bhfuil dhá chomhábhar nó níos mó a liostaítear in Iarscríbhinn II, Tábla 2, ina bhfuil táirgí a thagann faoi roinnt iontrálacha maidir leis an nguais chéanna in Iarscríbhinn II, Tábla 1, beidh sé faoi réir mhinicíocht fhoriomlán na seiceálacha céannachta agus fisiceacha a leagtar amach in Iarscríbhinn II, Tábla 1, le haghaidh na n-iontrálacha sin.";

4. cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 12:

"Airteagal 12

Nuashonruithe ar Iarscríbhinní

Déanfaidh an Coimisiún na liostaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I, Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn IIa a athbhreithniú ar bhonn rialta nach faide ná 6 mhí chun faisnéis nua a bhaineann le rioscaí agus le neamhchomhlíonadh a chur san áireamh.";

5. cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 14:

"Airteagal 14

An idirthréimhse

Maidir le coinsíneachtaí síolta *Sesamum* ón Aetóip agus le coinsíneachtaí piobair den ghéineas *Capsicum* (piobair mhilse nó seachas a bheith milis) ó Shrí Lanca nach bhfuil deimhniú oifigiúil agus torthaí na samplála agus na hanailíse ag gabháil leo i gcomhréir leis an Rialachán seo, glacfar leo le haghaidh teacht isteach san Aontas go dtí an 13 Eanáir 2022.";

6. cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinní I, II, IIa agus IV.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 27 Deireadh Fómhair 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

"IARSCRÍBHINN I

Bia agus beatha nach de bhunadh ainmhíoch iad ó thríú tíortha áirithe atá faoi réir méadú sealadach ar rialuithe oifigiúla ag poist rialaithe teorann agus ag pointí rialaithe

Ró	Bia agus Beatha (úsáid bheartaithe)	Cód AC [1]	Foroinn TARIC	Tír thionscnaimh	Guais	Minicíocht na seiceálacha céannachta agus fisiceacha (%)
1	— Piseanna talún, sa bhlaosc	— 1202 41 00		**an Bholaiv (BO)**	Aflatocsainí	50
	— Piseanna talún, scilligthe	— 1202 42 00				
	— Im piseanna talún	— 2008 11 10				
	— Piseanna talún, ullmhaithe nó leasaithe ar bhealach eile	— 2008 11 91; 2008 11 96; 2008 11 98				
	— Cáca ola agus iarmhair sholadacha eile, bíodh siad meilte nó i bhfoirm millíní nó ná bíodh, de thoradh eastóscadh ola piseanna talún	— 2305 00 00				
	— Plúir piseanna talún agus min piseanna talún ***(Bia agus beatha)***	— ex 1208 90 00	**20**			
2	— Piobar dubh (*Piper nigrum*) ***(Bia – nach bhfuil brúite ná meilte)***	ex 0904 11 00	**10**	**an Bhrasaíl (BR)**	*Salmonella*[2]	50
3	— Piseanna talún, sa bhlaosc	— 1202 41 00		**an Bhrasaíl (BR)**	Aflatocsainí	10
	— Piseanna talún, scilligthe	— 1202 42 00				
	— Im piseanna talún	— 2008 11 10				
	— Piseanna talún, ullmhaithe nó leasaithe ar bhealach eile	— 2008 11 91; 2008 11 96; 2008 11 98			Iarmhair Lotnaidicídí [3]	20
	— Cáca ola agus iarmhair sholadacha eile, bíodh siad meilte nó i bhfoirm millíní nó ná bíodh, de thoradh eastóscadh ola piseanna talún	— 2305 00 00				
	— Plúir piseanna talún agus min piseanna talún ***(Bia agus beatha)***	— ex 1208 90 00	**20**			
4	— Piseanna talún, sa bhlaosc	— 1202 41 00		**an tSín (CN)**	Aflatocsainí	10
	— Piseanna talún, scilligthe	— 1202 42 00				
	— Im piseanna talún	— 2008 11 10				

	— Piseanna talún, ullmhaithe nó leasaithe ar bhealach eile	— 2008 11 91; 2008 11 96; 2008 11 98				
	— Cáca ola agus iarmhair sholadacha eile, bíodh siad meilte nó i bhfoirm millíní nó ná bíodh, de thoradh eastóscadh ola piseanna talún	— 2305 00 00				
	— Plúir piseanna talún agus min piseanna talún (**Bia agus beatha**)	— ex 1208 90 00	**20**			
5	Piobair mhilse (*Capsicum annuum*) ***(Bia – brúite nó meilte)***	ex 0904 22 00	**11**	**an tSín (CN)**	*Salmonella*([6])	20
6	Tae, bíodh sé blaistithe nó ná bíodh ***(Bia)***	0902		**an tSín (CN)**	Iarmhair Lotnaidicídí ([3]) ([7])	20
7	Ubhthoradh (*Solanum melongena*) ***(Bia – úr nó fuaraithe)***	0709 30 00		**an Phoblacht Dhoiminiceach (DO)**	Iarmhair Lotnaidicídí ([3])	20
8	— Piobair mhilse (*Capsicum annuum*)	— 0709 60 10; 0710 80 51		**an Phoblacht Dhoiminiceach (DO)**	Iarmhair Lotnaidicídí ([3]) ([8])	50
	— Piobair den ghéineas *Capsicum* (seachas milis)	— ex 0709 60 99;	**20**			
		ex 0710 80 59	**20**			
	— Pónairí asparagais (*Vigna unguiculata* fospeiceas *sesquipedalis, Vigna unguiculata* fospeiceas *unguiculata*) ***(Bia - úr, fuaraithe nó reoite)***	— ex 0708 20 00;	**10**			
		ex 0710 22 00	**10**			
9	— Piobair mhilse (*Capsicum annuum*)	— 0709 60 10; 0710 80 51		**an Éigipt (EG)**	Iarmhair Lotnaidicídí ([3]) ([9])	20
	— Piobair den ghéineas *Capsicum* (seachas milis) ***(Bia - úr, fuaraithe nó reoite)***	— ex 0709 60 99;	**20**			
		ex 0710 80 59	**20**			
10	— Collchnónna (*Corylus* sp.), sa bhlaosc	— 0802 21 00		**an tSeoirsia (GE)**	Aflatocsainí	20
	— Collchnónna (*Corylus* sp.), scilligthe	— 0802 22 00				
	— Meascáin de chnónna nó de thorthaí triomaithe ina bhfuil collchnónna	— ex 0813 50 39;	**70**			
		ex 0813 50 91;	**70**			
		ex 0813 50 99	**70**			
	— Taos collchnónna	— ex 2007 10 10;	**70**			
		ex 2007 10 99;	**40**			
		ex 2007 99 39;	**05; 06**			
		ex 2007 99 50;	**33**			
		ex 2007 99 97	**23**			
	— Collchnónna, ullmhaithe nó leasaithe ar bhealach eile, lena n-áirítear meascáin	— ex 2008 19 12;	**30**			
		ex 2008 19 19;	**30**			

		ex 2008 19 92;	**30**			
		ex 2008 19 95;	**20**			
		ex 2008 19 99;	**30**			
		ex 2008 97 12;	**15**			
		ex 2008 97 14;	**15**			
		ex 2008 97 16;	**15**			
		ex 2008 97 18;	**15**			
		ex 2008 97 32;	**15**			
		ex 2008 97 34;	**15**			
		ex 2008 97 36;	**15**			
		ex 2008 97 38;	**15**			
		ex 2008 97 51;	**15**			
		ex 2008 97 59;	**15**			
		ex 2008 97 72;	**15**			
		ex 2008 97 74;	**15**			
		ex 2008 97 76;	**15**			
		ex 2008 97 78;	**15**			
		ex 2008 97 92;	**15**			
		ex 2008 97 93;	**15**			
		ex 2008 97 94;	**15**			
		ex 2008 97 96;	**15**			
		ex 2008 97 97;	**15**			
		ex 2008 97 98;	**15**			
	— Plúr, min agus púdar collchnónna	— ex 1106 30 90	**40**			
	— Ola collchnónna ***(Bia)***	— ex 1515 90 99	**20**			
11	Ola phailme ***(Bia)***	1511 10 90; 1511 90 11; ex 1511 90 19; 1511 90 99	**90**	**Gána (GH)**	Ruai-meanna na Súdáine ([10])	50
12	Duilleoga curaí (*Bergera*/*Murraya koenigii*) ***(Bia - úr, fuaraithe, reoite nó triomaithe)***	ex 1211 90 86	**10**	**an India (IN)**	Iarmhair Lotnaidicídí ([3]) ([11])	50
13	Ocra ***(Bia - úr, fuaraithe nó reoite)***	ex 0709 99 90; ex 0710 80 95	**20** **30**	**an India (IN)**	Iarmhair Lotnaidicídí ([3]) ([12]) ([22])	20
14	Pónairí (fospeiceas *Vigna*, fospeiceas *Phaseolus*) ***(Bia – úr nó fuaraithe)***	0708 20		**an Chéinia (KE)**	Iarmhair Lotnaidicídí ([3])	10
15	Soilire Síneach (*Apium graveolens*) ***(Bia – úr nó luibh fuaraithe)***	ex 0709 40 00	**20**	**an Chambóid (KH)**	Iarmhair Lotnaidicídí ([3]) ([13])	50
16	Pónairí asparagais (*Vigna unguiculata* fospeiceas *sesquipedalis*, *Vigna unguiculata* fospeiceas *unguiculata*) ***(Bia - úr, fuaraithe nó glasraí reoite)***	ex 0708 20 00 ex 0710 22 00	**10** **10**	**an Chambóid (KH)**	Iarmhair Lotnaidicídí ([3]) ([14])	50

17	Tornapaí (*Brassica rapa* ssp. *rapa*) ***(Bia — ullmhaithe nó leasaithe le fínéagar nó le haigéad aicéiteach)***	ex 2001 90 97	**11; 19**	**an Liobáin (LB)**	Ródaimín B	50
18	Tornapaí (*Brassica rapa* ssp. *rapa*) ***(Bia — ullmhaithe nó leasaithe le sáile nó le haigéad chitreach, gan a bheith reoite)***	ex 2005 99 80	**93**	**an Liobáin (LB)**	Ródaimín B	50
19	— Piseanna talún, *sa bhlaosc* — Piseanna talún, scilligthe — Im piseanna talún — Piseanna talún, ullmhaithe nó leasaithe ar bhealach eile — Cáca ola agus iarmhair sholadacha eile, bíodh siad meilte nó i bhfoirm millíní nó ná bíodh, de thoradh eastóscadh ola piseanna talún — Plúir piseanna talún agus min piseanna talún (***Bia agus beatha***)	— 1202 41 00 — 1202 42 00 — 2008 11 10 — 2008 11 91; 2008 11 96; 2008 11 98 — 2305 00 00 — ex 1208 90 00	 **20**	**Madagascar (MG)**	Aflatocsainí	50
20	Seacaí (*Artocarpus heterophyllus*) ***(Bia – úr)***	ex 0810 90 20	**20**	**an Mhalaeisia (MY)**	Iarmhair Lotnaidicídí ([3])	50
21	Síolta *sesamum* ***(Bia)***	— 1207 40 90 — ex 2008 19 19 — ex 2008 19 99	 **40** **40**	**an Nigéir (NG)**	*Salmonella*([2])	50
22	Meascáin spíosraí ***(Bia)***	0910 91 10; 0910 91 90		**an Phacastáin (PK)**	Aflatocsainí	50
23	Mealbhacán uisce (*Egusi, fospeaceas Citrullus*) síolta agus táirgí díorthaithe ***(Bia)***	ex 1207 70 00; ex 1208 90 00; ex 2008 99 99	**10** **10** **50**	**Siarra Leon (SL)**	Aflatocsainí	50
24	— Piseanna talún, sa bhlaosc — Piseanna talún, scilligthe — Im piseanna talún — Piseanna talún, ullmhaithe nó leasaithe ar bhealach eile — Cáca ola agus iarmhair sholadacha eile, bíodh siad meilte nó i bhfoirm millíní nó ná bíodh, de thoradh eastóscadh ola piseanna talún Plúir piseanna talún agus min piseanna talún (***Bia agus beatha***)	— 1202 41 00 — 1202 42 00 — 2008 11 10 — 2008 11 91; 2008 11 96; 2008 11 98 — 2305 00 00 — ex 1208 90 00	 **20**	**an tSeineagáil (SN)**	Aflatocsainí	50

25	Tornapaí (*Brassica rapa* ssp. *rapa*) ***(Bia — ullmhaithe nó leasaithe le fínéagar nó le haigéad aicéiteach)***	ex 2001 90 97	**11; 19**	**an tSiria (SY)**	Ródaimín B	50
26	Tornapaí (*Brassica rapa* ssp. *rapa*) ***(Bia — ullmhaithe nó leasaithe le sáile nó le haigéad citreach, gan a bheith reoite)***	ex 2005 99 80	**93**	**an tSiria (SY)**	Ródaimín B	50
27	Piobair den ghéineas *Capsicum* (seachas milis) ***(Bia - úr, fuaraithe nó reoite)***	ex 0709 60 99; ex 0710 80 59	**20** **20**	**an Téalainn (TH)**	Iarmhair Lotnaidicídí ([3]) ([15])	20
28	— Collchnónna (*Corylus* sp.), sa bhlaosc	— 0802 21 00		**an Tuirc (TR)**	Aflatocsainí	5
	— Collchnónna (*Corylus* sp.), scilligthe	— 0802 22 00				
	— Meascáin de chnónna nó de thorthaí triomaithe ina bhfuil collchnónna	— ex 0813 50 39; ex 0813 50 91 ex 0813 50 99	**70** **70** **70**			
	— Taos collchnónna	— ex 2007 10 10; ex 2007 10 99; ex 2007 99 39; ex 2007 99 50 ex 2007 99 97	**70** **40** **05;06** **33** **23**			
	— Collchnónna, ullmhaithe nó leasaithe ar bhealach eile, lena n-áirítear meascáin	— ex 2008 19 12; ex 2008 19 19; ex 2008 19 92; ex 2008 19 95; ex 2008 19 99; ex 2008 97 12; ex 2008 97 14; ex 2008 97 16; ex 2008 97 18; ex 2008 97 32; ex 2008 97 34; ex 2008 97 36; ex 2008 97 38; ex 2008 97 51; ex 2008 97 59; ex 2008 97 72; ex 2008 97 74; ex 2008 97 76; ex 2008 97 78; ex 2008 97 92; ex 2008 97 93; ex 2008 97 94; ex 2008 97 96; ex 2008 97 97; ex 2008 97 98;	**30** **30** **30** **20** **30** **15** **15** **15** **15** **15** **15** **15** **15** **15** **15** **15** **15** **15** **15** **15** **15** **15** **15** **15**			

	— Plúr, min agus púdar collchnónna — Ola collchnónna ***(Bia)***	— ex 1106 30 90 — ex 1515 90 99	**40** **20**			
29	Líomóidí (*Citrus limon, Citrus limonum*) (**Bia - úr, fuaraithe nó reoite**)	0805 50 10		**an Tuirc (TR)**	Iarmhair Lotnaidicídí ([3])	20
30	Mandairíní (lena n-áirítear táinséiríní agus satsúmaí); cleimintíní, builcíní agus hibridí citris comhchosúla ***(Bia – úr nó triomaithe)***	0805 21; 0805 22; 0805 29		**an Tuirc (TR)**	Iarmhair Lotnaidicídí ([3])	20
31	Oráistí ***(Bia – úr nó triomaithe)***	0805 10		**an Tuirc (TR)**	Iarmhair Lotnaidicídí ([3])	20
32	Pomagránait ***(Bia - úr nó fuaraithe)***	ex 0810 90 75	**30**	**an Tuirc (TR)**	Iarmhair Lotnaidicídí ([3]) ([16])	20
33	— Piobair mhilse (*Capsicum annuum*) — Piobair den ghéineas *Capsicum* (seachas milis) ***(Bia - úr, fuaraithe nó reoite)***	— 0709 60 10; 0710 80 51; — ex 0709 60 99; ex 0710 80 59	 **20** **20**	**an Tuirc (TR)**	Iarmhair Lotnaidicídí ([3]) ([17])	20
34	Eithní aibreog iomlána neamhphróiseáilte, meilte, mhuilleáilte, scoilte, mionghearrtha a bheartaítear a chur ar an margadh don tomhaltóir deiridh ([18]) ([19]) ***(Bia)***	ex 1212 99 95	**20**	**an Tuirc (TR)**	Ciainíd	50
35	Piobair den ghéineas *Capsicum* (seachas milis) ***(Bia - úr, fuaraithe nó reoite)***	ex 0709 60 99; ex 0710 80 59	**20** **20**	**Uganda (UG)**	Iarmhair Lotnaidicídí ([3])	50
36	— Piseanna talún, sa bhlaosc — Piseanna talún, scilligthe — Im piseanna talún — Piseanna talún, ullmhaithe nó leasaithe ar bhealach eile — Cáca ola agus iarmhair sholadacha eile, bíodh siad meilte nó i bhfoirm millíní nó ná bíodh, de thoradh eastóscadh ola piseanna talún — Plúir piseanna talún agus min piseanna talún (**Bia agus beatha**)	— 1202 41 00 — 1202 42 00 — 2008 11 10 — 2008 11 91; 2008 11 96; 2008 11 98 — 2305 00 00 — ex 1208 90 00	 **20**	**Stáit Aontaithe Mheiriceá (US)**	Aflatocsainí	20
37	— Aibreoga triomaithe — Aibreoga, ullmhaithe nó leasaithe ar bhealach eile ***(Bia)***	— 0813 10 00 — 2008 50		**an Úisbéiceastáin (UZ)**	Suilfítí ([20])	50

38	— Duilleoga lus an choire — Basal (naofa, cumhra) — Miontas — Peirsil ***(Bia – úr nó luibheanna fuaraithe)***	— ex 0709 99 90 — ex 1211 90 86 — ex 1211 90 86 — ex 0709 99 90	**72** **20** **30** **40**	**Vítneam (VN)**	Iarmhair Lotnaidicídí ([3]) ([21])	50
39	Ocra ***(Bia - úr, fuaraithe nó reoite)***	ex 0709 99 90; ex 0710 80 95	**20** **30**	**Vítneam (VN)**	Iarmhair Lotnaidicídí ([3]) ([21])	50
40	Piobair den ghéineas *Capsicum* (seachas milis) ***(Bia - úr, fuaraithe nó reoite)***	ex 0709 60 99; ex 0710 80 59	**20** **20**	**Vítneam (VN)**	Iarmhair Lotnaidicídí ([3]) ([21])	50

([1]) I gcás ina bhfuil ceanglas ann gan scrúdú a dhéanamh ach ar tháirgí áirithe faoi aon chód AC, marcáiltear an cód AC 'ex'.

([2]) Déanfar an tsampláil agus na hanailísí i gcomhréir leis na nósanna imeachta samplála agus leis na modhanna tagartha anailíseacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III, pointe 1(a).

([3]) Iarmhair na lotnaidicídí sin ar a laghad a liostaítear sa chlár rialaithe arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 29(2) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 70, 16.3.2005, lch. 1) ar féidir anailís a dhéanamh orthu le modhanna il-iarmhair atá bunaithe ar GC-MS agus ar LC-MS (lotnaidicídí nach bhfuil faireachán le déanamh orthu ach i dtáirgí de bhunadh plandaí/ar tháirgí de bhunadh plandaí).

([4]) Iarmhair Aimíotraise.

([5]) Iarmhair Nicitín.

([6]) Déanfar an tsampláil agus na hanailísí i gcomhréir leis na nósanna imeachta samplála agus leis na modhanna tagartha anailíseacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III, pointe 1(b).

([7]) Iarmhair Thoilfeinpioráid.

([8]) Iarmhair Aimíotraise (aimíotras lena n-áirítear na meitibilítí ina bhfuil páirt 2,4-démheitil-anailín arna shloinneadh mar aimíotras), Dé-aifeintiaúrón, Déchófól (suim d'isiméirí p, p' agus o, p') agus Détiacarbamáití (détiacarbamáití arna sloinneadh mar CS2, lena n-áirítear maineib, mancóiseib, meitiream, próipineib, tiaram agus sioram).

([9]) Iarmhair Dhéchófóil (suim d'isiméirí p, p' agus o, p'), Déiníteafúrán, Foilpéad, Próclóras (suim de Phróclóras agus a mheitibilítí ina bhfuil an pháirt 2,4,6-Tríchlóraifeanól arna sloinneadh mar phróclóras), Tiafanáit-meitil agus Trífhóirín.

([10]) Chun críocha na hIarscríbhinne seo, is do na substaintí ceimiceacha seo a leanas a thagraíonn 'Ruaimeanna na Súdáine': (i) Súdáin I (Uimhir CAS 842-07-9); (ii) Súdáin II (Uimhir CAS 3118-97-6); (iii) Súdáin III (Uimhir CAS 85-86-9); (iv) Dearg Scarlóideach; nó Súdáin IV (Uimhir CAS 85-83-6).

([11]) Iarmhair Aicéafáite.

([12]) Iarmhair Dhé-aifeintiaúróin.

([13]) Iarmhair Feantóáite.

([14]) Iarmhair Chlórbúfam.

([15]) Iarmhair Foirmeiteanáite (suim d'fhoirmeiteanáite agus a shalainn arna sloinneadh mar fhoirmeiteanáit (hidreaclóiríd)), Próitiafos agus Trífhoirín.

([16]) Iarmhair Phróclórais.

([17]) Iarmhair Dhé-aifeintiaúróin, Fhoirmeiteanáit (suim foirmeiteanáite agus a shalainn arna sloinneadh mar fhoirmeiteanáit (hidreaclóiríd), agus Thiafanáit-meitil.

([18]) 'Táirgí neamhphróiseáilte' mar a shainmhínítear i Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le sláinteachas bia-ábhair (IO L 139, 30.4.2004, lch. 1).

([19]) 'An cur ar an margadh' agus 'an tomhaltóir deiridh' mar a shainmhínítear i Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i dtaca le sábháilteacht bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1).

([20]) Modhanna tagartha: EN 1988-1:1998, EN 1988-2:1998 nó ISO 5522:1981.

([21]) Iarmhair Détiacarbamáití (détiacarbamáití arna sloinneadh mar CS2, lena n-áirítear maineib, mancóiseib, meitiream, próibineib, tiaram agus sioram), Feantóáit agus Cuinealfos.

([22]) Iarmhair Ocsaíde Eitiléine (suim d'ocsaíd eitiléine agus 2-clórai-eatánól arna sloinneadh mar ocsaíd eitiléine).

IARSCRÍBHINN II

Bia agus beatha ó thríú tíortha áirithe atá faoi réir coinníollacha speisialta le haghaidh teacht isteach san Aontas de dheasca an riosca éillithe ó mhiceatocsainí, lena n-áirítear aflatocsainí, iarmhair lotnaidicíde, peinteaclóraifeanól agus dé-ocsainí, agus de dheasca éilliú micribhitheolaíoch

1. **Bia agus beatha nach de bhunadh ainmhíoch iad dá dtagraítear in Airteagal 1(1)(b)(i)**

Ró	Bia agus beatha (úsáid bheartaithe)	Cód AC [1]	Foroinn TARIC	Tír thionscnaimh	Guais	Minicíocht na seiceálacha céannachta agus fisiceacha (%)
1	— Piseanna talún, sa bhlaosc	— 1202 41 00		**an Airgintín (AR)**	Aflatocsainí	5
	— Piseanna talún, scilligthe	— 1202 42 00				
	— Im piseanna talún	— 2008 11 10				
	— Piseanna talún, ullmhaithe nó leasaithe ar bhealach eile, lena n-áirítear meascáin	— 2008 11 91; 2008 11 96; 2008 11 98;				
		— ex 2008 19 12;	**40**			
		— ex 2008 19 13;	**40**			
		— ex 2008 19 19;	**50**			
		— ex 2008 19 92;	**40**			
		— ex 2008 19 93;	**40**			
		— ex 2008 19 95;	**40**			
		— ex 2008 19 99	**50**			
	— Cáca ola agus iarmhair sholadacha eile, bíodh siad meilte nó i bhfoirm millíní nó ná bíodh, de thoradh eastóscadh ola piseanna talún	— 2305 00 00				
	— Plúir piseanna talún agus min piseanna talún (**Bia agus beatha**)	— ex 1208 90 00	**20**			
2	— Collchnónna (*Corylus* sp.), sa bhlaosc	— 0802 21 00		**an Asarbaiseáin (AZ)**	Aflatocsainí	20
	— Collchnónna (*Corylus* sp.), scilligthe	— 0802 22 00				
	— Meascáin de chnónna nó de thorthaí triomaithe ina bhfuil collchnónna	— ex 0813 50 39;	**70**			
		ex 0813 50 91;	**70**			
		ex 0813 50 99	**70**			
	— Taos collchnónna	— ex 2007 10 10;	**70**			
		ex 2007 10 99;	**40**			
		ex 2007 99 39;	**05; 06**			

		ex 2007 99 50;	**33**			
		ex 2007 99 97	**23**			
	— Collchnónna, ullmhaithe nó leasaithe ar bhealach eile, lena n-áirítear meascáin	— ex 2008 19 12;	**30**			
		ex 2008 19 19;	**30**			
		ex 2008 19 92;	**30**			
		ex 2008 19 95;	**20**			
		ex 2008 19 99;	**30**			
		ex 2008 97 12;	**15**			
		ex 2008 97 14;	**15**			
		ex 2008 97 16;	**15**			
		ex 2008 97 18;	**15**			
		ex 2008 97 32;	**15**			
		ex 2008 97 34;	**15**			
		ex 2008 97 36;	**15**			
		ex 2008 97 38;	**15**			
		ex 2008 97 51;	**15**			
		ex 2008 97 59;	**15**			
		ex 2008 97 72;	**15**			
		ex 2008 97 74;	**15**			
		ex 2008 97 76;	**15**			
		ex 2008 97 78;	**15**			
		ex 2008 97 92;	**15**			
		ex 2008 97 93;	**15**			
		ex 2008 97 94;	**15**			
		ex 2008 97 96;	**15**			
		ex 2008 97 97;	**15**			
		ex 2008 97 98;	**15**			
	— Plúr, min agus púdar collchnónna	— ex 1106 30 90	**40**			
	— Ola collchnónna ***(Bia)***	— ex 1515 90 99	**20**			
3	— Bia-ábhair ina bhfuil duilleoga beitil nó arb éard atá iontu duilleoga beitil (*Piper betle*) ***(Bia)***	ex 1404 90 00 ([10])	**10**	**an Bhanglaidéis (BD)**	*Salmonella* ([6])	50
4	— Cnónna Brasaíleacha sa bhlaosc	— 0801 21 00		**an Bhrasaíl (BR)**	Aflatocsainí	50
	— Meascáin de chnónna nó de thorthaí triomaithe ina bhfuil cnónna Brasaíleacha ***(Bia)***	— ex 0813 50 31;	**20**			
		ex 0813 50 39;	**20**			
		ex 0813 50 91;	**20**			
		ex 0813 50 99	**20**			

5	— Piseanna talún, sa bhlaosc	— 1202 41 00		**an Éigipt (EG)**	Aflatocsainí	20
	— Piseanna talún, scilligthe	— 1202 42 00				
	— Im piseanna talún	— 2008 11 10				
	— Piseanna talún, ullmhaithe nó leasaithe ar bhealach eile, lena n-áirítear meascáin	— 2008 11 91; 2008 11 96; 2008 11 98;				
		— ex 2008 19 12;	**40**			
		— ex 2008 19 13;	**40**			
		— ex 2008 19 19;	**50**			
		— ex 2008 19 92;	**40**			
		— ex 2008 19 93;	**40**			
		— ex 2008 19 95;	**40**			
		— ex 2008 19 99	**50**			
	— Cáca ola agus iarmhair sholadacha eile, bíodh siad meilte nó i bhfoirm millíní nó ná bíodh, de thoradh eastóscadh ola piseanna talún	— 2305 00 00				
	— Plúir piseanna talún agus min piseanna talún (**Bia agus beatha**)	— ex 1208 90 00	**20**			
6	— Piobar den ghéineas *Piper*; torthaí den ghéineas *Capsicum* nó den ghéineas Pimenta atá triomaithe nó brúite nó meilte	— 0904		**an Aetóip (ET)**	Aflatocsainí	50
	— Sinséar, cróch, tuirmiric (curcuma), tím, duilleoga labhrais, curaí agus spíosraí eile ***(Bia — spíosraí triomaithe)***	— 0910				
7	Síolta *sesamum* ***(Bia)***	— 1207 40 90		**an Aetóip (ET)**	*Salmonella* (6)	50
		— ex 2008 19 19	**40**			
		ex 2008 19 99	**40**			
8	— Piseanna talún, sa bhlaosc	— 1202 41 00		**Gána (GH)**	Aflatocsainí	50
	— Piseanna talún, scilligthe	— 1202 42 00				
	— Im piseanna talún	— 2008 11 10				
	— Piseanna talún, ullmhaithe nó leasaithe ar bhealach eile, lena n-áirítear meascáin	— 2008 11 91; 2008 11 96; 2008 11 98;				
		— ex 2008 19 12;	**40**			
		— ex 2008 19 13;	**40**			
		— ex 2008 19 19;	**50**			

		— ex 2008 19 92;	**40**			
		— ex 2008 19 93;	**40**			
		— ex 2008 19 95;	**40**			
		— ex 2008 19 99	**50**			
	— Cáca ola agus iarmhair sholadacha eile, bíodh siad meilte nó i bhfoirm millíní nó ná bíodh, de thoradh eastóscadh ola piseanna talún	— 2305 00 00				
	— Plúir piseanna talún agus min piseanna talún (**Bia agus beatha**)	— ex 1208 90 00	**20**			
9	— Piseanna talún, sa bhlaosc	— 1202 41 00		**an Ghaimbia (GM)**	Aflatocsainí	50
	— Piseanna talún, scilligthe	— 1202 42 00				
	— Im piseanna talún	— 2008 11 10				
	— Piseanna talún, ullmhaithe nó leasaithe ar bhealach eile, lena n-áirítear meascáin	— 2008 11 91; 2008 11 96; 2008 11 98;				
		— ex 2008 19 12;	**40**			
		— ex 2008 19 13;	**40**			
		— ex 2008 19 19;	**50**			
		— ex 2008 19 92;	**40**			
		— ex 2008 19 93;	**40**			
		— ex 2008 19 95;	**40**			
		— ex 2008 19 99	**50**			
	— Cáca ola agus iarmhair sholadacha eile, bíodh siad meilte nó i bhfoirm millíní nó ná bíodh, de thoradh eastóscadh ola piseanna talún	— 2305 00 00				
	— Plúir piseanna talún agus min piseanna talún (**Bia agus beatha**)	— ex 1208 90 00	**20**			
10	Noitmig (*Myristica fragrans*) ***(Bia — spíosraí triomaithe)***	0908 11 00; 0908 12 00		**an Indinéis (ID)**	Aflatocsainí	20
11	Duilleoga beitil (*Piper betle* L.) ***(Bia)***	ex 1404 90 00	**10**	**an India (IN)**	*Salmonella* ([2])	10
12	Piobair den ghéineas *Capsicum* (piobair mhilse nó seachas a bheith milis) ***(Bia — triomaithe, rósta, brúite nó meilte)***	0904 21 10;		**an India (IN)**	Aflatocsainí	20
		ex 0904 22 00;	**11; 19**			
		ex 0904 21 90;	**20**			
		ex 2005 99 10;	**10; 90**			
		ex 2005 99 80	**94**			

13	Noitmig (*Myristica fragrans*) ***(Bia — spíosraí triomaithe)***	0908 11 00; 0908 12 00		**an India (IN)**	Aflatocsainí	20
14	— Piseanna talún, sa bhlaosc	— 1202 41 00		**an India (IN)**	Aflatocsainí	50
	— Piseanna talún, scilligthe	— 1202 42 00				
	— Im piseanna talún	— 2008 11 10				
	— Piseanna talún, ullmhaithe nó leasaithe ar bhealach eile, lena n-áirítear meascáin	— 2008 11 91; 2008 11 96; 2008 11 98;				
		— ex 2008 19 12;	**40**			
		— ex 2008 19 13;	**40**			
		— ex 2008 19 19;	**50**			
		— ex 2008 19 92;	**40**			
		— ex 2008 19 93;	**40**			
		— ex 2008 19 95;	**40**			
		— ex 2008 19 99	**50**			
	— Cáca ola agus iarmhair sholadacha eile, bíodh siad meilte nó i bhfoirm millíní nó ná bíodh, de thoradh eastóscadh ola piseanna talún	— 2305 00 00				
	— Plúir piseanna talún agus min piseanna talún (**Bia agus beatha**)	— ex 1208 90 00	**20**			
15	Guma guair ***(Bia agus beatha)***	ex 1302 32 90	**10**	**an India (IN)**	Peinteaclóraifeanól agus dé-ocsainí (3)	5
16	Piobair den ghéineas *Capsicum* (seachas milis) ***(Bia - úr, fuaraithe nó reoite)***	ex 0709 60 99; ex 0710 80 59	**20** **20**	**an India (IN)**	Iarmhair Lotnaidicídí (4) (5)	10
17	Síolta *Sesamum* ***(Bia agus beatha)***	— 1207 40 90		**an India (IN)**	*Salmonella* (6) Iarmhair Lotnaidicídí (4) (11)	20 50
		— ex 2008 19 19	**40**			
		ex 2008 19 99	**40**			
18	— Piostáis, sa bhlaosc	— 0802 51 00		**an Iaráin (IR)**	Aflatocsainí	50
	— Piostáis, scilligthe	— 0802 52 00				
	— Meascáin de chnónna nó de thorthaí triomaithe ina bhfuil piostáis	— ex 0813 50 39;	**60**			
		ex 0813 50 91;	**60**			
		ex 0813 50 99	**60**			
	— Taos piostáise	— ex 2007 10 10;	**60**			

		ex 2007 10 99;	**30**			
		ex 2007 99 39;	**03; 04**			
		ex 2007 99 50;	**32**			
		ex 2007 99 97	**22**			
	— Piostáis, ullmhaithe nó leasaithe ar bhealach eile, lena n-áirítear meascáin	— ex 2008 19 13;	**20**			
		ex 2008 19 93;	**20**			
		ex 2008 97 12;	**19**			
		ex 2008 97 14;	**19**			
		ex 2008 97 16;	**19**			
		ex 2008 97 18;	**19**			
		ex 2008 97 32;	**19**			
		ex 2008 97 34;	**19**			
		ex 2008 97 36;	**19**			
		ex 2008 97 38;	**19**			
		ex 2008 97 51;	**19**			
		ex 2008 97 59;	**19**			
		ex 2008 97 72;	**19**			
		ex 2008 97 74;	**19**			
		ex 2008 97 76;	**19**			
		ex 2008 97 78;	**19**			
		ex 2008 97 92;	**19**			
		ex 2008 97 93;	**19**			
		ex 2008 97 94;	**19**			
		ex 2008 97 96;	**19**			
		ex 2008 97 97;	**19**			
		ex 2008 97 98	**19**			
	— Plúr, min agus púdar piostáise ***(Bia)***	— ex 1106 30 90	**50**			
19	Piobair den ghéineas *Capsicum* (piobair mhilse nó seachas a bheith milis) ***(Bia - triomaithe, rósta, brúite nó meilte)***	0904 21 10;		**Srí Lanca (LK)**	Aflatocsainí	50
		ex 0904 21 90;	**20**			
		ex 0904 22 00;	**11; 19**			
		ex 2005 99 10;	**10; 90**			
		ex 2005 99 80	**94**			
20	Mealbhacán uisce (*Egusi*, *fospeiceas Citrullus*) síolta agus táirgí díorthaithe ***(Bia)***	ex 1207 70 00;	**10**	**an Nigéir (NG)**	Aflatocsainí	50
		ex 1208 90 00;	**10**			
		ex 2008 99 99	**50**			
21	Piobair den ghéineas *Capsicum* (seachas milis) ***(Bia - úr, fuaraithe nó reoite)***	ex 0709 60 99;	**20**	**an Phacastáin (PK)**	Iarmhair Lotnaidicídí ([4])	20
		ex 0710 80 59	**20**			

22	— Piseanna talún, sa bhlaosc	— 1202 41 00		**an tSúdáin (SD)**	Aflatocsainí	50
	— Piseanna talún, scilligthe	— 1202 42 00				
	— Im piseanna talún	— 2008 11 10				
	— Piseanna talún, ullmhaithe nó leasaithe ar bhealach eile, lena n-áirítear meascáin	— 2008 11 91; 2008 11 96; 2008 11 98;				
		— ex 2008 19 12;	**40**			
		— ex 2008 19 13;	**40**			
		— ex 2008 19 19;	**50**			
		— ex 2008 19 92;	**40**			
		— ex 2008 19 93;	**40**			
		— ex 2008 19 95;	**40**			
		— ex 2008 19 99	**50**			
	— Cáca ola agus iarmhair sholadacha eile, bíodh siad meilte nó i bhfoirm millíní nó ná bíodh, de thoradh eastóscadh ola piseanna talún	— 2305 00 00				
	— Plúir piseanna talún agus min piseanna talún (**Bia agus beatha**)	— ex 1208 90 00	**20**			
23	Síolta *Sesamum* ***(Bia)***	— 1207 40 90		**an tSúdáin (SD)**	*Salmonella* ([6])	50
		— ex 2008 19 19	**40**			
		— ex 2008 19 99	**40**			
24	— Figí triomaithe	— 0804 20 90		**an Tuirc (TR)**	Aflatocsainí	20
	— Meascáin de chnónna nó de thorthaí triomaithe ina bhfuil figí	— ex 0813 50 99	**50**			
	— Taos figí triomaithe	— ex 2007 10 10;	**50**			
		ex 2007 10 99;	**20**			
		ex 2007 99 39;	**01; 02**			
		ex 2007 99 50;	**31**			
		ex 2007 99 97	**21**			
	— Figí triomaithe, ullmhaithe nó leasaithe, lena n-áirítear meascáin	— ex 2008 19 12;	**11**			
		ex 2008 19 14;	**11**			
		ex 2008 97 16;	**11**			
		ex 2008 97 18;	**11**			
		ex 2008 97 32;	**11**			
		ex 2008 97 34;	**11**			
		ex 2008 97 36;	**11**			
		ex 2008 97 38;	**11**			
		ex 2008 97 51;	**11**			

		ex 2008 97 59;	**11**			
		ex 2008 97 72;	**11**			
		ex 2008 97 74;	**11**			
		ex 2008 97 76;	**11**			
		ex 2008 97 78;	**11**			
		ex 2008 97 92;	**11**			
		ex 2008 97 93;	**11**			
		ex 2008 97 94;	**11**			
		ex 2008 97 96;	**11**			
		ex 2008 97 97;	**11**			
		ex 2008 97 98;	**11**			
		ex 2008 99 28;	**10**			
		ex 2008 99 34;	**10**			
		ex 2008 99 37;	**10**			
		ex 2008 99 40;	**10**			
		ex 2008 99 49;	**60**			
		ex 2008 99 67;	**95**			
		ex 2008 99 99	**60**			
	— Plúr, min nó púdar figí triomaithe ***(Bia)***	— ex 1106 30 90	**60**			
25	— Piostáis, sa bhlaosc	— 0802 51 00		**an Tuirc (TR)**	Aflatocsainí	50
	— Piostáis, scilligthe	— 0802 52 00				
	— Meascáin de chnónna nó de thorthaí triomaithe ina bhfuil piostáis	— ex 0813 50 39;	**60**			
		ex 0813 50 91;	**60**			
		ex 0813 50 99	**60**			
	— Taos piostáise	— ex 2007 10 10;	**60**			
		ex 2007 10 99;	**30**			
		ex 2007 99 39;	**03; 04**			
		ex 2007 99 50;	**32**			
		ex 2007 99 97	**22**			
	— Piostáis, ullmhaithe nó leasaithe ar bhealach eile, lena n-áirítear meascáin	— ex 2008 19 13;	**20**			
		ex 2008 19 93;	**20**			
		ex 2008 97 12;	**19**			
		ex 2008 97 14;	**19**			
		ex 2008 97 16;	**19**			
		ex 2008 97 18;	**19**			
		ex 2008 97 32;	**19**			
		ex 2008 97 34;	**19**			
		ex 2008 97 36;	**19**			
		ex 2008 97 38;	**19**			

		ex 2008 97 51;	**19**			
		ex 2008 97 59;	**19**			
		ex 2008 97 72;	**19**			
		ex 2008 97 74;	**19**			
		ex 2008 97 76;	**19**			
		ex 2008 97 78;	**19**			
		ex 2008 97 92;	**19**			
		ex 2008 97 93;	**19**			
		ex 2008 97 94;	**19**			
		ex 2008 97 96;	**19**			
		ex 2008 97 97;	**19**			
		ex 2008 97 98	**19**			
	— Plúr, min agus púdar piostáise ***(Bia)***	— ex 1106 30 90	**50**			
26	Duilleoga fíniúna ***(Bia)***	ex 2008 99 99	**11; 19**	**an Tuirc (TR)**	Iarmhair Lotnaidicídí ([4]) ([7])	50
27	Síolta *Sesamum* ***(Bia)***	— 1207 40 90		**Uganda (UG)**	*Salmonella* ([6])	20
		— ex 2008 19 19	**40**			
		— ex 2008 19 99	**40**			
28	Draigineoga ***(Bia - úr nó fuaraithe)***	ex 0810 90 20	**10**	**Vítneam (VN)**	Iarmhair Lotnaidicídí ([4]) ([8])	10

([1]) I gcás ina bhfuil ceanglas ann gan scrúdú a dhéanamh ach ar tháirgí áirithe faoi aon chód AC, marcáiltear an cód AC 'ex'.

([2]) Déanfar an tsampláil agus na hanailísí i gcomhréir leis na nósanna imeachta samplála agus leis na modhanna tagartha anailíseacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III, pointe 1(b).

([3]) Is Saotharlann atá creidiúnaithe i gcomhréir le EN ISO/IEC 17025 chun anailís a dhéanamh ar pheinteaclóraifeanól (PCP) i mbia agus i mbeatha a eiseoidh an tuarascáil anailíseach dá dtagraítear in Airteagal 10(3).
Léireoidh an tuairisc anailíseach na nithe seo a leanas:
(a) torthaí na samplála agus na hanailíse maidir le PCP a bheith ann, arna ndéanamh ag údaráis inniúla na tíre tionscnaimh nó na tíre óna bhfuil an choinsíneacht á coinsíniú murab ionann an tír sin agus an tír thionscnaimh;
(b) neamhchinnteacht tomhais an toraidh anailísigh;
(c) teorainn braite (LOD) an mhodha anailísigh; agus
(d) teorainn chainníochtaithe (LOQ) an mhodha anailísigh.
Is le tuaslagóir aigéadaithe a dhéanfar an t-eastóscadh roimh anailís. Déanfar an anailís de réir an leagain mhodhnaithe de mhodh QuEChERS mar a leagtar amach ar shuíomhanna gréasáin Shaotharlanna Tagartha an Aontais Eorpaigh le haghaidh Iarmhair Lotnaidicídí nó de réir modh atá chomh hiontaofa céanna.

([4]) Iarmhair na lotnaidicídí sin ar a laghad a liostaítear sa chlár rialaithe arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 29(2) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 70, 16.3.2005, lch. 1) ar féidir anailís a dhéanamh orthu le modhanna il-iarmhair atá bunaithe ar GC-MS agus ar LC-MS (lotnaidicídí nach bhfuil faireachán le déanamh orthu ach i dtáirgí de bhunadh plandaí/ar tháirgí de bhunadh plandaí).

([5]) Iarmhair Charbófúráin.

([6]) Déanfar an tsampláil agus na hanailísí i gcomhréir leis na nósanna imeachta samplála agus leis na modhanna tagartha anailíseacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III, pointe 1(a).

([7]) Iarmhair Détiacarbamáití (détiacarbamáití arna sloinneadh mar CS2, lena n-áirítear maineib, mancóiseib, meitiream, próipineib, tiaram agus sioram) agus Meitrifeanón.

([8]) Iarmhair Détiacarbamáití (détiacarbamáití arna sloinneadh mar CS2, lena n-áirítear maineib, mancóiseib, meitiream, próibineib, tiaram agus sioram), Feantóáit agus Cuinealfos.

([9]) Tá tuairisc na n-earraí mar a leagtar síos sa cholún tuairisce den AC in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1).

([10]) Bia-ábhair ina bhfuil duilleoga beitil nó arb éard atá iontu duilleoga beitil (*Piper betle*) lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta do na cinn a dhearbhaítear faoi chód AC 1404 90 00.

([11]) Iarmhair Ocsaíde Eitiléine (suim d'ocsaíd eitiléine agus 2-clórai-eatánól arna sloinneadh mar ocsaíd eitiléine).

2. **Bia dá dtagraítear in Airteagal 1(1)(b)(ii)**

Ró	**Bia ina bhfuil ceann amháin nó níos mó de na táirgí aonair a liostaítear sa tábla i bpointe 1 den Iarscríbhinn seo de dheasca riosca éillithe ó aflatocsainí de chainníocht a sháróidh 20 % d'aon táirge amháin nó mar shuim de na táirgí a liostaítear**	
	Cód AC ([1])	**Tuairisc** ([2])
1	**ex 1704 90**	Milseogra siúcra (lena n-áirítear seacláid bhán), nach bhfuil cócó ann, seachas guma coganta, bíodh sé brataithe le siúcra nó ná bíodh
2	**ex 1806**	Seacláid agus ullmhóidí bia eile ina bhfuil cócó
3	**ex 1905**	Arán, taosrán, cácaí, brioscaí agus táirgí eile báicéara, bíodh cócó iontu nó ná bíodh, abhlanna, capsúil fholmha de chineál atá oiriúnach d'úsáid chógaisíochta, sliseoga séalaithe, rísphápéar agus táirgí comhchosúla

([1]) I gcás ina bhfuil ceanglas ann gan scrúdú a dhéanamh ach ar tháirgí áirithe faoi aon chód AC, marcáiltear an cód AC 'ex'.

([2]) Tá tuairisc na n-earraí mar a leagtar síos sa cholún tuairisce den AC in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1).

IARSCRÍBHINN IIa

Bia agus beatha ó thríú tíortha áirithe atá faoi réir fionraíocht teacht isteach san Aontas dá dtagraítear in Airteagal 11a

Ró	Bia agus Beatha (úsáid bheartaithe)	Cód AC	Foroinn TARIC	Tír thionscnaimh	Guais
1	— Bia-ábhair arb éard atá iontu pónairí triomaithe ***(Bia)***	— 0713 35 00 — 0713 39 00 — 0713 90 00		**an Nigéir (NG)**	Iarmhair lotnaidicídí

IARSCRÍBHINN IV

MÚNLA DEN DEIMHNIÚCHÁN OIFIGIÚIL DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 11 DE RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2019/1793 ÓN gCOIMISIÚN MAIDIR LE BIA NÓ BEATHA ÁIRITHE A THEACHT ISTEACH SAN AONTAS

TÍR				Deimhniúchán oifigiúil le haghaidh an Aontais Eorpaigh		
Cuid I: Tuairisc ar an gcoinsíneacht	I.1	Coinsíneoir/Onnmhaireoir Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	I.2	Tagairt an deimhnithe	I.2a Tagairt CBFRO
				I.3	Údarás Inniúil Lárnach	CÓD QR
				I.4	Údarás Inniúil Áitiúil	
	I.5	Coinsíní/Allmhaireoir Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO	I.6	An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht Ainm Seoladh Tír	Cód tíre ISO
	I.7	Tír thionscnaimh	Cód tíre ISO	I.9	Tír cinn scríbe	Cód tíre ISO
	I.8			I.10		
	I.11	Áit seolta Ainm Seoladh Tír	Uimhir Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO	I.12	Ceann scríbe Ainm Seoladh Tír	Uimhir Chlárúcháin/Formheasa Cód tíre ISO
	I.13			I.14	Dáta agus am imeachta	
	I.15	Modh iompair ☐ Aerárthach ☐ Árthach ☐ Iarnród ☐ Feithicil bhóthair Sainaithint		I.16	Pointe Rialaithe Trasnaithe Teorann	
				I.17	Doiciméid tionlacain Cineál Cód Tír Cód tíre ISO Tagairt an doiciméid tráchtála	
	I.18	Dálaí an iompair	☐ Feithicil bhóthair ☐ Fuaraithe ☐ Reoite			
	I.19	Uimhir an Choimeádáin/Uimhir an tSéala Uimhir an Choimeádáin	Uimhir an tSéala			
	I.20	An cineál deimhniúcháin ☐ Earraí bia lena gcaitheamh ag an duine ☐ Ábhair bheatha				
	I.21			I.22	☐ Le haghaidh an mhargaidh inmheánaigh	
				I.23		
	I.24	Líon iomlán na bpacáistí	I.25 Cainníocht iomlán		I.26 Glanmheáchan iomlán/ollmheáchan (kg)	
	I.27	Tuairisc ar an gcoinsíneacht Cód AC Speiceas Cineál pacáistíochta Glanmheáchan An líon pacáistí Baiscuimhir ☐ Don tomhaltóir deiridh				

	TÍR	Deimhniúchán le haghaidh bia nó ábhar beatha a thabhairt isteach san Aontas	
Cuid II: Deimhniú	**II. Faisnéis sláinte**	II.a Uimhir thagartha an deimhnithe	II.b Uimhir thagartha CBFRO

II.1. Dearbhaímse, a bhfuil mo shíniú thíos, go bhfuil mé ar an eolas faoi fhorálacha ábhartha reachtaíocht an Aontais:

— Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bhia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i dtaca le sábháilteacht bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1),

— Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le sláinteachas bia-ábhair (IO L 139, 30.4.2004, lch. 1).

— Rialachán (CE) Uimh. 183/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Eanáir 2005 lena leagtar síos na ceanglais i ndáil le sláinteachas beatha ainmhithe (IO L 35, 8.2.2005, lch. 1) agus

— Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) (IO L 95, 7.4.2017, lch. 1), agus deimhním an méid seo:

([1])

[II.1.1. Is i gcomhréir le ceanglais Rialacháin (CE) Uimh. 178/2002 agus (CE) Uimh. 852/2004 a táirgeadh bia na coinsíneachta ar a bhfuil tuairisc thuas leis an gcód aitheantais ... (sonraigh cód aitheantais na coinsíneachta dá dtagraítear in Airteagal 9(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 ón gCoimisiún) agus go háirithe:

- le táirgeadh príomhúil an bhia sin agus le hoibríochtaí lena mbaineann a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 comhlíontar na forálacha ginearálta sláinteachais a leagtar síos in Iarscríbhinn I, Cuid A, a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 852/2004;

([1]) ([2]) agus, i gcás aon chéim den táirgeadh, den phróiseáil agus den leithdháileadh tar éis táirgeadh príomhúil agus oibríochtaí lena mbaineann:

- rinneadh é a láimhseáil agus, i gcás inarb iomchuí, é a ullmhú, a phacáistiú agus a stóráil ar bhealach sláinteach i gcomhréir le ceanglais Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 852/2004 agus,

- tagann sé ó bhunaíocht nó ó bhunaíochtaí ina gcuirtear chun feidhme clár atá bunaithe ar phrionsabail na hanailíse guaise agus na bpointí rialúcháin criticiúla (HACCP) i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 852/2004;]

([1]) Nó

[II.1.2. is i gcomhréir le ceanglais Rialacháin (CE) Uimh. 178/2002 agus (CE) Uimh. 183/2005 a táirgeadh bia na coinsíneachta ar a bhfuil tuairisc thuas ag a bhfuil an cód aitheantais dá dtagraítear in Airteagal 9(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 agus go háirithe:

- le táirgeadh príomhúil an bhia sin agus le hoibríochtaí lena mbaineann a liostaítear in Airteagal 5(1) a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 183/2005 comhlíontar na forálacha d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 183/2005;

	TÍR	Deimhniúchán le haghaidh bia nó ábhar beatha a thabhairt isteach san Aontas	
Cuid II: Deimhniú	**II. Faisnéis sláinte**	II.a Uimhir thagartha an deimhnithe	II.b Uimhir thagartha CBFRO

- (1) (2) agus, i gcás aon chéim den táirgeadh, den phróiseáil agus den leithdháileadh tar éis táirgeadh príomhúil agus oibríochtaí lena mbaineann:
- rinneadh é a láimhseáil agus, i gcás inarb iomchuí, é a ullmhú, a phacáistiú agus a stóráil ar bhealach sláinteach i gcomhréir le ceanglais Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 183/2005 agus,
- tagann sé ó bhunaíocht nó ó bhunaíochtaí ina gcuirtear chun feidhme clár atá bunaithe ar phrionsabail na hanailíse guaise agus na bpointí rialúcháin criticiúla (HACCP) i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 183/2005;]

II.2 Dearbhaímse, a bhfuil mo shíniú thíos, go bhfuil mé ar an eolas faoi fhorálacha ábhartha Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793 ón gCoimisiún an 22 Deireadh Fómhair 2019 maidir le méadú sealadach ar rialuithe oifigiúla agus ar bhearta éigeandála lena rialaítear teacht isteach earraí áirithe san Aontas ó thríú tíortha áirithe, lena gcuirtear chun feidhme Rialacháin (AE) 2017/625 agus (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 277, 29.10.2019, lch. 89), agus deimhním an méid seo:

[II.2.1. **Deimhniú le haghaidh bia agus beatha nach de bhunadh ainmhíoch iad a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793, agus le haghaidh bia comhdhéanta de dhá chomhábhar nó níos mó a liostaítear san Iarscríbhinn sin, mar gheall ar an riosca éillithe ó mhiceatocsainí**

- ón gcoinsíneacht a bhfuil tuairisc uirthi thuas, tógadh samplaí i gcomhréir le:

Rialachán (CE) Uimh. 401/2006 ón gCoimisiún chun leibhéal aflatocsaine B1 agus leibhéal éilliú aflatocsaine iomlán le haghaidh bia a chinneadh
Rialachán (CE) Uimh. 152/2009 ón gCoimisiún chun leibhéal aflatocsaine B1 le haghaidh beatha a chinneadh

an …… (dáta), faoi réir anailísí saotharlainne an ..... (dáta)
in …… (ainm na saotharlainne) le modhanna lena gcumhdaítear ar a laghad na guaiseacha a shainaithnítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793.

- I gceangal leis seo tá sonraí na modhanna anailíse saotharlainne agus na dtorthaí uile agus léirítear leo go bhfuil reachtaíocht an Aontais maidir le huasleibhéil aflatocsainí á comhlíonadh.]

(3) Agus/Nó

[II.2.2. **Deimhniú le haghaidh bia agus beatha nach de bhunadh ainmhíoch iad a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793, agus le haghaidh bia comhdhéanta de dhá chomhábhar nó níos mó a liostaítear san Iarscríbhinn sin, mar gheall ar an riosca éillithe ó iarmhair lotnaidicídí**

- ón gcoinsíneacht a bhfuil tuairisc uirthi thuas, tógadh samplaí i gcomhréir le Treoir 2002/63/CE ón gCoimisiún an …… (dáta), faoi réir anailísí saotharlainne an ..... (dáta) in …… (ainm na saotharlainne) le modhanna lena gcumhdaítear ar a laghad na guaiseacha a shainaithnítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793.

- I gceangal leis seo tá sonraí na modhanna anailíse saotharlainne agus na dtorthaí uile agus léirítear leo go bhfuil reachtaíocht an Aontais maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí á comhlíonadh.]

(3) Agus/Nó

	TÍR	Deimhniúchán le haghaidh bia nó ábhar beatha a thabhairt isteach san Aontas	
Cuid II: Deimhniú	**II. Faisnéis sláinte**	II.a Uimhir thagartha an deimhnithe	II.b Uimhir thagartha CBFRO

[II.2.3. **Deimhniú le haghaidh guma guair a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793, agus le haghaidh bia comhdhéanta de dhá chomhábhar nó níos mó a liostaítear san Iarscríbhinn sin, mar gheall ar an riosca éillithe ó pheinteaclóraifeanól agus dé-ocsainí**

- ón gcoinsíneacht a bhfuil tuairisc uirthi thuas, tógadh samplaí i gcomhréir le Treoir 2002/63/CE ón gCoimisiún an …….. (dáta), faoi réir anailísí saotharlainne an ..... (dáta) in …… (ainm na saotharlainne) le modhanna lena gcumhdaítear ar a laghad na guaiseacha a shainaithnítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793.

I gceangal leis seo tá sonraí na modhanna anailíse saotharlainne agus na dtorthaí uile agus léirítear leo nach bhfuil níos mó ná 0,01 mg/kg de pheinteaclóraifeanól sna hearraí.]

([3]) Agus/Nó

[II.2.4. **Deimhniú le haghaidh bia agus nach de bhunadh ainmhíoch iad a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793, agus le haghaidh bia comhdhéanta de dhá chomhábhar nó níos mó a liostaítear san Iarscríbhinn sin, mar gheall ar riosca an éilithe mhicribhitheolaíoch**

- ón gcoinsíneacht a bhfuil tuairisc uirthi thuas, tógadh samplaí i gcomhréir le hIarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793

an …….. (dáta), faoi réir anailísí saotharlainne an ..... (dáta) in …… (ainm na saotharlainne) le modhanna lena gcumhdaítear ar a laghad na guaiseacha a shainaithnítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793.

I gceangal leis seo tá sonraí na modhanna anailíse saotharlainne agus na dtorthaí uile agus léirítear leo nach ann do Salmonella i 25 g.]

II.3 Eisíodh an deimhniú seo sular fhág an choinsíneacht lena mbaineann dlínse na n-údarás inniúil a d'eisigh an deimhniú.

II. 4 Tá an deimhniú seo bailí ar feadh 4 mhí ón dáta ar eisíodh é, ach in aon chás ní bheidh sé bailí níos faide ná 6 mhí ó dháta thorthaí na n-anailísí saotharlainne deiridh.

Nótaí

Féach na nótaí maidir le cur i gcrích san Iarscríbhinn seo.

Cuid II:

(1) Scrios nó cuir líne tríd de réir mar is iomchuí (e.g. más bia nó beatha atá ann)

(2) Níl feidhm aige seo ach amháin i gcás aon chéim den táirgeadh, den phróiseáil agus den leithdháileadh tar éis táirgeadh príomhúil agus oibríochtaí lena mbaineann.

(3) Scrios nó cuir líne tríd de réir mar is cuí sa chás nach roghnaíonn tú an pointe seo chun an deimhniú a sholáthar.

(4) Beidh dath an tsínithe éagsúil le dath an chló. Beidh feidhm ag an riail chéanna maidir le stampaí seachas stampaí atá cabhartha nó atá ina gcomhartha uisce.

Oifigeach deimhniúcháin:

Ainm (i gceannlitreacha): Cáilíocht agus teideal:

Dáta: Síniú:

Stampa

NÓTAÍ MAIDIR LE MÚNLA DEN DEIMHNIÚCHÁN OIFIGIÚIL A LÍONADH ISTEACH DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 11 DE RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2019/1793 ÓN gCOIMISIÚN MAIDIR LE BIA NÓ BEATHA ÁIRITHE A THEACHT ISTEACH SAN AONTAS

Faisnéis Ghinearálta

Chun rogha dearfach a dhéanamh, cuir tic sa bhosca cuí nó marcáil é le cros (X), le do thoil.

Ní fhéadfar ach aon cheann amháin de na roghanna a roghnú i mboscaí I.18, I.20.

Roghnaigh idir pointí II.2.1, II.2.2, II.2.3 agus II.2.4, an pointe/na pointí a fhreagraíonn don chatagóir táirge agus an ghuais/na gluaiseanna a dtugtar an deimhniú ina leith.

Mura léirítear a mhalairt, tá na boscaí uile éigeantach.

Má athraítear an coinsíní, an post rialaithe teorann isteach (BCP) nó na sonraí iompair (is é sin le rá, an modh agus an dáta) tar éis eisiúint an deimhnithe, ní mór don oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht an méid sin a chur in iúl d'údarás inniúil an Bhallstáit dul isteach. Ní bheidh iarratas ar dheimhniú athsholáthair mar thoradh ar an athrú sin.

I gcás ina gcuirtear an deimhniú isteach sa chóras bainistíochta faisnéise le haghaidh rialuithe oifigiúla (CBFRO), beidh feidhm ag an méid seo a leanas:

— crosáiltear amach na ráitis nach bhfuil ábhartha.

— is ionann na hiontrálacha nó na boscaí a shonraítear i gCuid I agus foclóirí sonraí don leagan leictreonach den deimhniú oifigiúil;

— is seichimh tháscacha iad seichimh na mboscaí i gCuid I den deimhniú oifigiúil samplach mar aon le méid agus cruth na mboscaí;

— i gcás ina bhfuil gá le stampa, is ríomhshéala é a choibhéis leictreonach.

i gcás nach gcuirtear an deimhniú oifigiúil isteach in CBFRO, ní mór don oifigeach deimhniúcháin líne a chur trí na ráitis nach mbeidh ábhartha, a inisealacha a chur leo agus iad a stampáil, nó bainfidh sé as an deimhniú ar fad iad.

CUID I – TUAIRISC AR AN gCOINSÍNEACHT

Bosca	Tuairisc
	Tír
	Sonraigh ainm an tríú tír atá ag eisiúint an deimhnithe.
I.1	**Coinsíneoir/Onnmhaireoir**
	Sonraigh ainm agus seoladh, tír agus cód tíre ISO ([1]) an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh atá ag seoladh na coinsíneachta. Beidh an duine sin bunaithe i dtríú tír ach amháin i gcás in a mbeifear ag tabhairt isteach arís coinsíneachtaí de thionscnamh an Aontais.
I.2	**Tagairt an deimhnithe**
	Sonraí an cód sainordaitheach alfa-uimhriúil arna shannadh ag údarás inniúil an tríú tír. Níl an bosca seo éigeantach i gcás deimhnithe nach gcuirtear isteach in CBFRO. Athshonraithe i mbosca II.a
I.2a	**Tagairt CBFRO**
	Is é seo an cód uathúil alfa-uimhriúil atá sannta ag CBFRO. Athshonraithe i mbosca II.b Ní chomhlánófar an bosca seo mura gcuirfear an deimhniú isteach in CBFRO.
I.3	**Údarás inniúil lárnach**
	Sonraigh ainm an údaráis inniúil sa tríú tír a eisíonn an deimhniú.

([1]) An cód tíre dhá litir caighdeánach idirnáisiúnta, i gcomhréir leis an gcaighdeán idirnáisiúnta ISO 3166 alfa-2; http://www.iso.org/iso/country_codes/iso-3166-1_decoding_table.htm.

I.4	**Údarás inniúil áitiúil**
	Sonraigh, más infheidhme, ainm an údaráis áitiúil sa tríú tír a eisíonn an deimhniú.
I.5	**Coinsíní/Allmhaireoir**
	Sonraigh ainm agus seoladh an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh a bhfuil an choinsíneacht beartaithe ina leith sa Bhallstát cinn scríbe.
I.6	**An t-oibreoir atá freagrach as an gcoinsíneacht**
	Sonraigh ainm agus seoladh, tír agus cód tíre ISO an duine sa Bhallstát atá i bhfeighil na coinsíneachta nuair a thaispeántar ag an bpost rialaithe teorann (BCP) iad agus a dhéanann na dearbhuithe is gá do na húdaráis inniúla mar allmhaireoir nó thar ceann an allmhaireora. Is ceadmhach t-oibreoir céanna a shonrú atá sonraithe i mbosca I.5. Tá an bosca seo roghnach.
I.7	**Tír thionscnaimh**
	Sonraigh ainm agus cód tíre ISO na tíre ar tír thionscnaimh na n-earraí í nó inar fásadh, inar baineadh nó inar táirgeadh iad le haghaidh bia agus beatha a liostaítear sna hIarscríbhinní de bharr riosca a d'fhéadfadh a bheith ann go bhfuil siad éillithe ag miceatocsainí, lena n-áirítear aflatocsainí, nó ag tocsainí planda, nó mar gur féidir gur sáraíodh na huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí. Sonraigh ainm agus cód tíre ISO na tíre inar táirgeadh, inar monaraíodh nó inar clúdaíodh na hearraí le haghaidh bia agus beatha a liostaítear sna hIarscríbhinní de bharr an riosca go bhfuil *Salmonella* iontu nó de bharr guaiseacha eile nár sainíodh sa chéad mhír.
I.8	**Réigiún tionscnaimh**
	Ní infheidhme.
I.9	**Tír cinn scríbe**
	Sonraigh ainm agus cód ISO an Bhallstáit is ceann scríbe na dtáirgí.
I.10	**Réigiún cinn scríbe**
	Ní infheidhme.
I.11	**Áit seolta**
	Sonraigh ainm agus seoladh, tír agus cód tíre ISO na bunaíochta/na mbunaíochtaí atá ag seoladh na coinsíneachta. Má tá sé ceangailte le reachtaíocht an Aontais, sonraigh a uimhir chlárúcháin nó formheasa. I gcás táirgí eile: aon aonad de chuideachta atá san earnáil bia nó beatha. Níl le bheith ainmnithe ach an bhunaíocht atá ag loingseoireacht na n-earraí. I gcás trádáil a bhaineann le níos mó ná tríú tír amháin (trádáil thriantánach), is é atá san áit seolta an bhunaíocht sa tríú tír deiridh sa slabhra onnmhairiúcháin ónar iompraíodh an choinsíneacht deiridh chuig an Aontas.
I.12	**Ceann scríbe**
	Sonraigh ainm agus seoladh, tír agus cód tíre ISO na háite ina bhfuil an choinsíneacht le seachadadh le haghaidh díluchtú deiridh. Más infheidhme, sonraigh freisin uimhir chlárúcháin nó formheasa na bunaíochta cinn scríbe.
I.13	**Ionad luchtaithe**
	Ní infheidhme.
I.14	**Dáta agus am imeachta**

	Dáta imeachta an mhodha iompair (aerárthach, árthach, iarnród nó feithicil bhóthair).
I.15	**Modh iompair**
	Roghnaigh ceann amháin nó níos mó de na modhanna iompair seo a leanas le haghaidh earraí atá ag imeacht as an tír sheolta, agus sonraí a shainaitheantas: — aerárthach (sonraigh uimhir na heitilte); — árthach (sonraigh ainm agus uimhir an árthaigh); — iarnród (sonraigh sainaitheantas na traenach agus an uimhir vaigín); — feithicil bhóthair (sonraigh an uimhir chlárúcháin agus uimhir an leantóra, más infheidhme). I gcás báid farantóireachta, cuir tic le 'árthach' agus sonraigh sainaitheantas na feithicle bóthair/na bhfeithiclí bóthair le huimhir chlárúcháin (agus uimhir leantóra, más infheidhme) maille le hainm agus uimhir an bháid farantóireachta sceidealaithe.
I.16	**Pointe Rialaithe Trasnaithe Teorann**
	Sonraigh ainm BCP an teacht isteach san Aontas ar dheimhnithe nach gcuirtear isteach in CBFRO nó roghnaigh ainm BCP an teacht isteach san Aontas agus a uimhir alfa-uimhriúil uathúil arna sannadh ag CBFRO.
I.17	**Doiciméid tionlacain**
	Sonraigh an cineál doiciméid atá ceangailte: tuarascáil anailíseach/torthaí na samplála agus na n-anailísí dá dtagraítear in Airteagal 10 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1793, agus sonraigh cód uimhriúil na ndoiciméad ceangailte a ghabhann leis agus an tír eisiúna. Doiciméid eile: sonraigh cineál agus uimhir thagartha an doiciméid i gcás ina bhfuil doiciméid eile ag gabháil leis an gcoinsíneacht amhail doiciméid thráchtála (mar shampla, an uimhir bhille aeriompair, an uimhir bhille ládála nó uimhir tráchtála na traenach nó na feithicle bóthair).
I.18	**Dálaí an iompair**
	Sonraigh catagóir na teochta atá ceangailte le linn iompair na dtáirgí (comhthimpeallach, fuaraithe, reoite).
I.19	**Uimhir an Choimeádáin/Uimhir an tSéala**
	Más infheidhme, sonraigh uimhir an choimeádáin agus uimhir an tséala (is féidir go mbeidh níos mó ná ceann amháin ann). Ní mór uimhir an choimeádáin a sholáthar má iompraítear na hearraí i gcoimeádáin dhúnta. Ní gá ach uimhir oifigiúil an tséala a lua. Beidh séala oifigiúil i bhfeidhm má ghreamaítear séala den choimeádán, den trucail nó den vaigín iarnróid faoi mhaoirseacht an údaráis inniúil a eiseoidh an deimhniú.
I.20	**An cineál deimhniúcháin**
	Roghnaigh an úsáid atá beartaithe d'earraí mar a shonraítear i reachtaíocht ábhartha an Aontais: Beatha ainmhithe: baineann sin le táirgí a bhfuil sé beartaithe iad a úsáid i mbeatha ainmhithe agus na táirgí sin amháin. Earraí bia lena gcaitheamh ag an duine: baineann sin le táirgí a bhfuil sé beartaithe go gcaithfidh daoine iad agus a bhfuil deimhniú oifigiúil lena n-aghaidh ceangailte i reachtaíocht an Aontais agus leis na táirgí sin amháin.
I.21	**Le haghaidh iompair**
	Ní infheidhme.
I.22	**Le haghaidh an mhargaidh inmheánaigh**
	Cuir tic sa bhosca seo má tá sé beartaithe na coinsíneachtaí a chur ar mhargadh an Aontais.
I.23	**Le tabhairt isteach arís**
	Ní infheidhme.

I.24	**Líon iomlán na bpacáistí**
	Sonraigh líon iomlán na bpacáistí sa choinsíneacht, más infheidhme: I gcás bulc-coinsíneachtaí, tá an bosca seo roghnach.
I.25	**Cainníocht iomlán**
	Ní infheidhme.
I.26	**Glanmheáchan iomlán/ollmheáchan (kg)**
	Is éard is meán-ghlanmheáchan iomlán ann, mais na n-earraí féin, gan coimeádáin díreach orthu ná aon phacáistíocht orthu. Ríomhann CBFRO é go huathoibríoch ar bhonn na faisnéise arna cur isteach i mbosca I.27. Ní bheidh an glónra san áireamh i nglanmheáchan dearbhaithe bia ghlónraithe. Sonraigh an t-ollmheáchan iomlán, i.e. mais chomhiomlán na n-earraí, móide na coimeádáin díreach orthu agus an phacáistíocht iomlán orthu, ach gan coimeádáin iompair agus trealamh iompair eile a chur san áireamh.
I.27	**Tuairisc ar an gcoinsíneacht**
	Sonraigh an cód Córais Chomhchuibhithe (CC) ábhartha agus an teideal arna shainiú ag an Eagraíocht Dhomhanda Chustaim dá dtagraítear i Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle ([2]). Déanfar an tuairisc chustaim sin a fhorlíonadh, más gá, le faisnéis bhreise a theastaíonn chun na táirgí a aicmiú. Ar a bharr sin, sonraí aon cheanglas maidir le cineál/próiseáil na dtáirgí mar a shainmhínítear i reachtaíocht ábhartha an Aontais. Sonraigh an speiceas agus uimhir formheasa na mbunaíochtaí nuair is iomchuí chomh maith leis an gcód tíre ISO, líon na bpacáistí, cineál na pacáistíochta, an bhaiscuimhir agus an glanmheáchan. Cuir tic leis an 'tomhaltóir' i gcás ina ndéantar táirgí a phacáistiú do thomhaltóirí deiridh. Speiceas: sonraigh an t-ainm eolaíoch nó mar a shainmhínítear i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais. Cineál pacáistíochta: déan an cineál pacáistíochta a shainaithint de réir an tsainmhínithe a thugtar i Moladh Uimh. 21 ([3]) ó UN/CEFACT (Ionad na Náisiún Aontaithe um Éascú Trádála agus um Ghnó Leictreonach).

CUID II: Deimhniúchán

Bosca	**Tuairisc**
	Tír
	Sonraigh ainm an tríú tír atá ag eisiúint an deimhnithe.
	Deimhniú caighdeánach
	Tagraíonn an bosca do theideal sonrach gach deimhnithe chaighdeánaigh.
II	**Faisnéis sláinte**
	Tagraíonn an bosca seo do cheanglais shonracha sláinte an Aontais Eorpaigh a mhéid a bhaineann cineál na dtáirgí agus mar a shainmhínítear sna comhaontuithe coibhéise le tríú tíortha áirithe nó i reachtaíocht eile de chuid an Aontais Eorpaigh, amhail an reachtaíocht le haghaidh deimhniúcháin.
II.2a	**Tagairt an deimhnithe**
	Is é seo an cód uathúil alfa-uimhriúil dá dtagraítear i mbosca I.2.

([2]) Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 faoin ainmníocht taraife agus staitistiúil agus faoin Taraif Chustaim Choiteann (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1).

([3]) Leagan deireanach: www.unece.org/uncefact/codelistrecs.html

II.2b	**Tagairt CBFRO**
	Is é seo an cód uathúil alfa-uimhriúil á dtagraítear i mbosca I.2a
	Oifigeach deimhniúcháin
	Tagraíonn an bosca seo do shíniú an oifigeach deimhniúcháin mar a shainmhínítear iad in Airteagal 3, pointe (26), de Rialachán (AE) 2017/625. Sonraigh an t-ainm i gceannlitreacha, an cháilíocht agus teideal an tsínitheora, más infheidhme, agus ainm agus stampa bunaidh an údaráis inniúil a bhfuil an sínitheoir nasctha leis agus dáta an tsínithe.”